


# ULSTER AMERICAN FOLK PARK

# LÉARSCÁIL DO CHUAIRTEOIRÍ

nationalmuseumsni.org

## CABHRAÍONN DO THURAS AR AIS SA SEANSAOL LENÁR DTURAS AMACH ANSEO.

Go raibh maith agat as féachaint ar thuras éachtach eisimirce na nÉireannach ag Daonpháirc Uladh-Mheiriceá. Cabhraíonn do thuras lae linne chun leanúint ar aghaidh lenár n-obair le foirgnimh agus scéalta ríluachmhara ón seansaol againn a chaomhnú agus le taighde a dhéanamh ar an gcomhoidhreacht Ultach-Mheiriceánach.

ULSTER AMERICAN FOLK PARK

## DÉAN RÉIDH CHUN FÉACHAINT AR SCÉAL ÉACHTACH EISIMIRCE NA nÉIREANNACH. TÁ CEITHRE CHUID I gCEIST LENÁR dTURAS.

*Ná caill na buaicphointí is tábhachtaí dár gcuid, marcáilte leis an deilbhín seo.*

## Ionad Cuairteoirí

Cuir tús le do thuras ónár nIonad Cuairteoirí, mar a bhfaighidh tú an cúnamh ar fad a bheidh ag teastáil uait – eolas, siopa bronntanas, Caifé, agus leithris. Tosaigh le Taispeántas na nEisimirceach chun teacht ar scéalta na ndaoine a d'imigh as Cúige Uladh agus an fáth go ndeachaigh siad ar imirce trasna an domhain a thuiscint. Féach thart ar
"Céim san Am: Scéal Rince na hÉireann sa Bhaile agus Ar Shiúl", agus foghlaim caidé mar a chuaigh an traidisiún suaithinseach dúchasach seo i gcionn go mór ar an domhan.

In aice leis, gheobhaidh tú Ionad Mellon an Léinn Imirce. Foghlaim tuilleadh faoin scéal éachtach maidir le himirce na nÉireannach. Soláthraíonn an t-ionad acmhainní tagartha chun staidéar a dhéanamh ar stair Mheiriceá Thuaidh agus Uladh san 18ú agus san 19ú haois.

## An Seansaol

### 1. Bothán Aon Seomra

Samhlaigh mar a bheadh tú ag iarraidh thú féin a choinneáil te ar oíche fhuar gheimhridh i mbothán aon seomra de chuid theaghlach Devine. Aistríodh an struchtúr beag seo, cloch ar chloich, ó Altaghoney i Sléibhte na Speiríní. Bheadh go leor daoine bochta nach raibh ina n-úinéirí talún ina gcónaí in áiteanna mar seo roimh Ghorta Mór 1845. Tógadh an teach seo sa chuid deiridh den 17ú haois. I dtosach báire, úsáideadh craicne ainmhithe agus toim chun an bealach isteach a bhlocáil – is níos déanaí a cuireadh na doirse agus fuinneoga isteach.

### 2. An Cheárta

Tar isteach i gceárta an ghabha seo ón 18ú haois – cuid fíorthábhachtach de shaol na tuaithe fadó. Rinne an gabha uirlisí don fheirm agus don teach cosúil le céachtaí agus gridillí. Tá umar uisce faoin tinteán chun a chuid uirlisí a fhuarú. Deirtear sa bhéaloideas gur féidir leis an uisce seo faithní a leigheas.




### 3. Teachín an Fhíodóra

Ba mhó ná díreach áit chónaithe go leor tithe - ba áiteanna gnó iad freisin. Sampla maith is ea teachín an fhíodóra. Is féidir leat an teaghlach ar fad a shamhlú anseo – páistí ag cíoradh agus ag cardáil an lín, a máthair ag sníomh snáithíní lín chun snáth a dhéanamh, fear an tí ag an seol, ag fí an tsnátha chun éadach a dhéanamh.

### 4. Teach Tionóil Mhuinseo

Suigh ar bhinse sa mhacasamhail seo d'Eaglais Phreispitéireach Mhuinseo, atá lonnaithe ar chrosaire nach bhfuil ach cúpla míle ar shiúl. Tógadh é sa 17ú haois, agus is ansin a bhíodh Thomas Mellon ag déanamh adhartha is é óg. Rachadh sé ar aghaidh chun ceann de na bainc is cáiliúla i Meiriceá a bhunú. Is féidir leat an ministir a shamhlú is é ag tabhairt a sheanmóra ón bpuilpid, a ghuth ard de bharr an fhuaimchláir os a chionn.

### 5. Beistrí

Is é an beistrí an áit mar a ndearna an ministir a chuid staidéir. Tá an mhacasamhail seo suite i gcúinne an gharraí, díreach mar an ceann a bhí in éineacht le Teach an Tionóil ag Muinseo. Siúil isteach agus samhlaigh an ministir ina shuí ag a dheasc, ag ullmhú a sheanmóra don Domhnach

### 6. Áitreabh Mellon

Rugadh Thomas Mellon sa teach feirme beag seo in 1813, agus tá an teach fós ar an láthair bhunaidh. In 1818, in aois a chúig bliana d'aois dó, chuaigh sé ar imirce lena thuismitheoirí chuig Peinnsiolváinia. D'fhás sé suas go raibh sé ina dhlíodóir is ina bhreitheamh, agus bhunaigh sé Banc Mellon, ar ceann de na bainc is mó i Meiriceá fós é. Foirgneamh beo is ea Áitreabh Mellon – tá lachain agus cearca sa gharraí agus arán sóide ar an ngrideall – díreach mar a bhí sé sa 19ú haois.




### 7. Ionad Amhairc

Sula n-imíonn tú as Áitreabh Mellon, tabhair cuairt ar an ionad amhairc chun breathnú ar shlí sheachránach Abhainn na Sruthla agus Sléibhte na Speiríní i bhfad ar shiúl.

### 8. Tírdhreach Fheirm Mellon

Féach amach thar thalamh Mellon – 23 acra mar ar fhás siad prátaí, líon agus coirce. Bheadh éanlaith chlóis agus cúpla bó ag iníor sna páirceanna sin. An mbeadh tusa in ann do shaol feirmeora tionóntaigh?

### 9. Teach Campbell

Téigh isteach i dteach bunaidh shinsir theaghlach Campbell as Droichead an Phlum, Contae Thír Eoghain. Ba é Hugh Campbell a thóg é sa bhliain 1786. Chuaigh beirt dá chlann mhac, Hugh agus Robert, ar imirce go Meiriceá timpeall 1818. Bhí Robert ina ghaisteoir cáiliúil, fear gnó rathúil, agus dlúthchara ag Uachtarán SAM, Ulysses S. Grant.




### 10. Teach Aifrinn Thulaigh Álainn

Ionad adhartha do Chaitlicigh pharóiste Chill Íseal ab ea seo. Tógadh in 1768 é agus cuireadh síneadh leis sna 1830aidí nuair a bhí Caitlicigh in ann a gcreideamh a chleachtadh go hoscailte arís. Atógadh é agus an cruth a bhí air sna 1830aidí le saisfhuinneoga simplí, ballaí aoldailte agus ceann tuí air. Samhlaigh cén chuma a bheadh air i mbarr a réime dó – lán le teaghlaigh ó na feirmeanna áitiúla Dé Domhnaigh.

### 11. Bruach Móna

Tá móin, gearrtha as portach móna cosúil leis an gceann seo, ina fhoinse thábhachtach bhreosla le fada an lá in Éirinn. Is minic a bhí saorchead ag na daoine ar an bportach mar acmhainn choitianta. Bíonn obair dhian agus dea-aimsir riachtanach chun an portach fliuch a thriomú go mbeidh sé ina mhóin, ach is ábhar maith le haghaidh tine é.

### 12. Teach Hughes

Is é seo an teach a bhí ag John Joseph Hughes agus é ina bhuachaill óg, gluaiste go cúramach ó bhaile fearainn Dhoire na bhFead i gContae Mhuineacháin. Féach ar bhalla na hursaine agus tú ag dul isteach – bheadh seo ina chosaint don tinteán ar shéideáin isteach agus thabharfadh sé beagán príobháideachais don teaghlach. D'fhág John an teach seo le himeacht go Meiriceá in 1817, agus ar deireadh, tháinig sé chun bheith ina ardeaspag Caitliceach ar Nua-Eabhrac agus thóg sé Ardeaglais Naomh Pádraig ar an 5ú hAscaill.




### 13. Teach Scoile

Aistríodh Scoil Náisiúnta seo an aon seomra ó bhaile fearainnn Bhaile an Chaisleáin in aice leis seo. Tógadh é in 1845 de réir cosúlachta, cé go nochtar sna taifid go raibh scoil ar an láthair ó na 1790aidí. Ba luachmhar an t-oideachas do theaghlaigh na naoú haoise déag ach oiread linn féin - b'fhéidir gur luachmhaire fiú dóibh-sean é. Is minic a chuaigh páiste na tuaithe, a bheadh ag obair ar an bhfeirm murach seo b'fhéidir, chun na scoile de shiúl na gcos gan bhróga chun an léamh, scríobh agus uimhríocht shimplí a fhoghlaim. Ar lá a hoscailte, bhí 70 dalta ag freastal go laethúil ar Scoil Bhaile an Chaisleáin.

## An Turas

### 14 – 22. Sráid Uladh

Ullmhaigh tú féin chun slán a fhágáil ag radhairc agus fuaimeanna aitheanta Uladh agus tú ag breathnú thart ar shráid seo na gcloch dhuirlinge, is éadain bhunaidh shiopaí na 19ú haoise ar gach taobh. Ina measc tá Oifig an Phoist a bhí, in éineacht lena bosca litreacha Victeoiriach, ina sheasamh i mbaile Mhuinseo tráth. Is iomaí siopa beag cosúil leis a bhí ann sa chuid deiridh den 18ú haois - rinneadh gnó thíos staighre agus an teaghlach ina chónaí thuas staighre. Féach thart ar na seilfeanna sa Siopa Poitigéara de chuid Hill, nó ar an réimse iontach sna Printéirí de chuid Blair. Ceannaigh do sholáthairtí ar fad sa Ghrósaeir is Tábhairne de chuid Reilly agus faigh trealamh duit féin ag siopa an diallaiteora nó ag monarcha na rópaí. Ba mhaith an gnó iad na heisimirceoirí níos saibhre do na siopaí cois cé agus iad ag ullmhú dá dturas trasna an Atlantaigh.




### 23. Gailearaí na Long agus na Cé

Bailigh do thicéad agus téigh ar bord an Brig Union – macasamhail de long seoil na n-eisimirceoirí a d'iompair baill theaghlach Mellon chuig Baltimore in 1816. Gheobhaidh tú blas ar na dálaí a d'fhulaing imircigh i rith an turais a mhair dhá sheachtain déag. Bhí oifig an cheannaí in aice leis an duga ar Shráid Great George i mBéal Feirste, agus tá an teach lóistín ann ón 18ú haois agus dídean á thabhairt ann tráth d'eisimirceoirí ar Shráid an Droichid i nDoire.




### 24. Caladh Teachta

Siúil amach ar an duga mar ar ghlac na heisimirceoirí a gcéad chéimeanna sa Domhan Nua. D'fheicfeadh cuid díobh éadain ar cheap siad nach bhfeicfidís go deo arís – ag scairteadh amach is iad ag aithint a chéile i measc an tslua agus challán na cathrach amach uathu. Thosaigh roinnt eile ar a dturas ina n-aonar – ag imeacht as radharc sa slua agus amach i mór-roinn nua ollmhór.

### 25 – 29. Sráid Mheiriceá

Sráid díreach cosúil leis seo a bhí roimh na na mílte eisimirceoirí is iad ag teacht isteach i gcathracha mar Baltimore, Philadelphia, Nua-Eabhrac nó Bostún. Féach thart ar stóras ginearálta ina bhfuil an taobh istigh díreach mar a bheadh ó thús i dTuaisceart Virginia, is féach ar taispeántas faoi ghabha stáin, ar cheardlann rothadóra agus ar mhacasamhail an chéad Bhainc de chuid Mellon.




## An Domhan Nua

### 30. Teach Cloiche Samuel Fulton

Smaoinigh ar an am agus dianobair a bheadh le déanamh ag Samuel Fulton chun a theach nua a thógáil. Aistríodh an foirgneamh bunaidh seo ó Chontae Lancaster, Peinnsiolváinia. Chuaigh Samuel ar imirce ó Dhún na nGall in 1724, ag tabhairt mhodhanna tógála na hÉireann leis. Tógadh aon urlár go leith an tí seo ó chlocha páirce a lorg sé ar a chuid talún.




### 31. Cábán Adhmaid

Caidé mar a dhéanfá teach duit féin mura mbeadh agat ach na hábhair seo le húsáid? Is cosúil an cábán adhmaid beag seo ina bhfuil dhá sheomra le go leor de na cinn a thóg na luath-eisimirceoirí sin amhail Thomas Mellon óg agus a theaghlach. Bhí go leor de na daoine a tháinig chun na tíre ina gcónaí sna cineálacha áitreabh seo ar feadh i bhfad, saol simplí acu is iad ag sábháil go cúramach go dtí go bhféadfaidís tithe níos fairsinge is níos buaine a thógáil.

### 32. Scioból Adhmaid Pheinnsiolváinia

Beir ar do chéile agus déan *dosey-doe*! Bhí ainmhithe, bia d'ainmhithe agus barra san fhoirgneamh ilfheidhme seo ó fheirm ar an imeallchríoch. D'fhág an limistéar mór lárnach go raibh vaigíní in ann tiontú thart go héasca agus go bhféadfaí é a úsáid mar urlár damhsa i rith bainseacha agus tionól.




### 33 - 35. Cróite Feirme

Caidé mar a choinneofá bia gan chuisneoirí? Sa gharraí in aice leis an scioból, gheobhaidh tú bailiúchán de chróite feirme lena léirítear mar a réitigh na lonnaitheoirí a gcuid dúshlán maidir le bia a stóráil. Úsáideadh teach an deataithe chun iasc agus feoil a leasú – a bhfuarthas cuid de tar éis seilge. Lardrús a bhí i dteach an fhuaráin, a bhíodh á fhuarú ag an bhfuarán nádúrtha ar tógadh an teach os a chionn. Stóras beag le haghaidh gráin bhuí ab ea stóras an arbhair.

### 36. Teach Adhmaid Feirme Pheinnsiolváinia

Macasamhail an tí a thóg Thomas Mellon agus a theaghlach ceithre bliana tar éis dóibh teacht go Peinnsiolváinia is ea é seo. Is féidir leat a fheiceáil go raibh ag éirí go maith leo – tá sé níos mó agus tá gairis níos fearr ann ná mar a bhí sa chéad chábán adhmaid a bhí acu. Tá an teach feirme bunaidh fós ann i mbaile Export, Peinnsiolváinia.




### 37. An Luibhghort

Faigh boladh an luibhghoirt aramataigh a sholáthair luibheanna agus plandaí leighis úra in am roimh chúram leighis nua-aimseartha na linne seo. Cuireadh luibheanna nua amhail sassafras in éineacht le cinn aithnidiúla mar luibh na ndaitheacha, marós agus tím.

### 38. Teach Fuaráin Cunningham

Bhí nuálaíocht, dianobair agus neamhthuilleamaíocht riachtanach chun maireachtáil i Meiriceá – tréithe atá le feiceáil sa teach fuaráin umhal seo. Tógadh thar fhuaráin nádúrtha é, agus a chuid uiscí fionnuara ag cabhrú chun feoil, glasraí agus déirí a choinneáil úr. Tá na lomáin adhmaid gearrtha go n-oirfidh siad go dlúth le chéile, agus tá meascán de chré, tuí, clocha agus fionnadh ainmnithe brúite isteach sna bearnaí. Samhlaigh nach mbeadh agat ach do chuid acmhainní féin, mar a bhí ag teaghlach Cunningham nuair a thóg siad seo, agus iomaí foirgneamh eile, ar a n-áitreabh feirme i bPeinnsiolváinia.


### 39. Teach Adhmaid Iarthar Pheinnsiolváinia

Ní obair chrua amháin a bhí i gceist leis an saol faoin tuath i Meiriceá. Samhlaigh tráthnónta fada samhraidh á gcaitheamh agat ar phóirse tosaigh theach adhmaid Uriah Hupp – gné choitianta a bhain le tithe na 19ú haoise. Bhí an sampla dea-chaomhnaithe seo ar fheirm i gContae Greene, Peinnsiolváinia, i dtosach báire.




### 40. Iarthar Virginia Teach McCallister

Thóg Richard McCallister, duine de shliocht na n-imirceach as Cúige Uladh, an teach seo taobh le Sruthán Tyler in Iarthar Virginia. Réigiún scológa nó feirmeoirí ab ea seo, ar chosúil gur éirigh go maith leo, in ainneoin a gcuid gabháltas a bheith beag. Léirítear i nDaonáireamh 1860 go raibh léamh is scríobh ag Richard agus go raibh luach $1,200 de mhaoin agus d'earraí pearsanta aige – thart faoi $36,545 i gcumhacht ceannaigh an lae inniu. Ní raibh sin ródhona mar thoradh ar a chuid saothair.




### 41. Tennessee Rogan Teach Plandála

Rinne teaghlach Francis Rogan saol rathúil de thoradh dianoibre ar an imeallchríoch, rud a léiritear i dteach na mbrící dearga seo a thóg sé ar a bhfeirm. Tháinig cuid mhór den saibhreas sin de thoradh shaothar na sclábhaithe a d'úsáid siad chun a dtalamh a shaothrú agus chun dualgais tís a dhéanamh sna seomraí seo. Ba é $46,030 luach a mhaoine in 1860 – méasúnacht lenár áiríodh na daoine a bhí ina sclábhaithe ag obair dó. Sin $1.4 milliún in airgead an lae inniu.



# DAONPHÁIRC ULADH-MHEIRICEÁ

Tar ar thuas trasna na gcéadta bliain agus Aigéan ollmhór an Atlantaigh agus tú ag athchruthú scéal eisimirce na nÉireannach. Tá ceithre chuid i gceist le do thuras chun an tseansaoil – an tIonad Cuairteoirí, An Seansaol, An Turas, agus An Domhan Nua.

Ná caill na buaicphointí is tábhachtaí dár gcuid, marcáilte leis an deilbhín seo. ★

# EOLAS DON CHUAIRTEOIR

### Am don Tae

Beidh ocras ort tar éis turas chomh fada leis sin. Tá Caifé foirfe mar áit le haghaidh cupáin tae.

### Stop don Siopa

Más ag lorg bronntanais nó cuimhneacháin ar do thurais atá tú, is iomaí táirge áitiúil ar leith a gheobheidh tú inár siopa a oirfidh do gach aois.

**Cuardaigh 'Daonpháirc Uladh-Mheiriceá'**

**/ulsteramericanfolkpark**

- Tá ár bhfoireann anseo chun cabhrú leat, mar sin bí ar do chompord agus cuir ceist orthu.
- D'fhéadfadh an talamh a bheith garbh nó ina lathach faoi do chosa. Bíodh bróga oiriúnacha agat.
- Madraí cúnaimh amháin, le do thoil. Tá ainmhithe feirme ar an láthair.
- Go raibh maith agat as ucht gan toitíní a chaitheamh nó a bheith ag vápáil sna foirgnimh.
- Coinnigh súil ar pháistí.

### Ionad Cuairteoirí

A Caifé
B Siopa Bronntanas
C Taispeántas Céim san Am
★ D Taispeántas na hEisimirceach
E Ionad Mellon an Léinn Imirce

### An Seansaol

1 Bothán Aon Seomra
2 An Cheárta
3 Teachín an Fhíodóra
4 Teach an Tionóil
5 Beistrí
(bí cúramach agus tú ag dul trasna an bhóthair phoiblí)
★ 6 Áitreabh Mellon
7 Ionad Amhairc
8 Tírdhreach Fheirm Mellon
★ 9 Teach Campbell
10 Teach Aifrinn Thulaigh Álainn
11 Bruach Móna
★ 12 Teach Hughes
13 Teach Scoile

### An Turas

14 Oifig Mhuinseo an Phoist
15 Printéir R.J. Blair
16 Diallaiteoir J. McMaster
★ 17 Tábhairneoir & Grósaeir J. Reilly
18 Geallbhróicéir J. Devlin
19 Déantóir Rópaí D. Reynolds
★ 20 Poitigéir Hill
★ 21 Éadaitheoirí W. Murray
22 W.G. O'Doherty Grósaeir & Tábhairneoir
★ 23 Gailearaí na Long & na Cé
24 Caladh Teachta
25 Gabha Stáin E. Pattison
★ 26 Stóras Ginearálta
27 Ollsiopa na nGrianghraf
28 Banc Mellon
29 Teach an Rothadóra

### An Domhan Nua

★ 30 Teach Cloiche Samuel Fulton
31 An Cábán Adhmaid
32 Scioból Adhmaid Pheinnsiolváinia
33 Stóras Arbhair
34 Teach an Deataithe
35 Teach an Fhuaráin
★ 36 Teach Adhmaid Feirme Pheinnsiolváinia
37 An Luibhghort
38 Teach Fuaráin Cunningham
★ 39 Teach Adhmaid Iarthar Pheinnsiolváinia
40 Teach McCallister Iarthar Virginia
★ 41 Teach Plandála Rogan Tennessee

